Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8216/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0103(BUD)**

**FIN 414**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Aibreán 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 250 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh dréachtbhuiséad leasaitheach uimh. 2 le buiséad ginearálta 2023 lena gcuirtear isteach barrachas na bliana airgeadais 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 250 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 250 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.4.2023
COM(2023) 250 final

2023/0103 (BUD)

Togra le haghaidh

**DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH Uimh. 2**
**LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2023**

**LENA gCUIRTEAR ISTEACH BARRACHAS NA BLIANA AIRGEADAIS 2022**

GA GA

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (...)[2], agus go háirithe Airteagal 44 de,

– buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2023, a glacadh an 23 Samhain 2022[3],

– dréacht lena leasaítear buiséad Uimh. 2/2023[4], a glacadh an 16 Márta 2023,

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad 2023 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

## ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá fáil ar na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III ar EURLex (https://eurlex.europa.eu/budget/www/indexen.htm).

---

1 Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.

2 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018.

3 IO L 58, 23.2.2023.

4 COM(2023) 150 final.

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Tá sé beartaithe le Dréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 2/2023 go niontrálfar an barrachas a eascraíonn as cur chun feidhme bhuiséad na bliana 2022 sa bhuiséad le haghaidh 2023. Mar a fhoráiltear in Airteagal 18(3) den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[5] (an 'Rialachán Airgeadais'), is é an tiarmhéid ó 2022 ábhar aonair an DBL seo agus tá sé le cur isteach laistigh de 15 lá tar éis na cuntais shealadacha a chur isteach ag deireadh mhí an Mhárta 2023.

1. Tar éis buiséad na bliana 2022 a chur chun feidhme, tá barrachas EUR 2.5 billiún ann, a chuirtear isteach mar ioncam sa bhuiséad le haghaidh 2023 dá réir.

*(in EUR)*

| **Miondealú olltoraidh 2022** | |
|---|---|
| **Ioncam barrachais** | **2 198 439 115** |
| **Caiteachas barrachais** | **320 571 835** |
| **Barrachas iomlán** | **2 519 010 950** |

2. Ach an barrachas á bhuiséadú, laghdófar ranníocaíocht iomlán na mBallstát chuig maoiniú bhuiséad na bliana 2023 dá réir. Beidh tionchar freisin ar na ranníocaíochtaí ó na Ballstát ag réamhaisnéis athbhreithnithe na nacmhainní dílse a chuirfear ar fáil tar éis chruinniú an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse níos déanaí i mí na Bealtaine 2023 agus áireofar an réamhaisnéis sin i nDréachtbhuiséad Leasaitheach ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 44(1)(b) den Rialachán Airgeadais.

3. Léirítear sa tábla thíos miondealú an olltoraidh le haghaidh na bliana 2022 i dtéarmaí chur chun feidhme ioncaim:

*(in EUR)*

| **Miondealú olltoraidh 2022** | **Buiséad (lena náirítear AB15)** | **Olltoradh** | **Athrúchán** |
|---|---|---|---|
| **Ioncam foiomlán** | **170 038 174 351** | **172 236 613 466** | **2 198 439 115** |
| — Teideal 1 Acmhainní Dílse | 153 928 125 042 | 155 758 388 888 | 1 830 263 846 |
| *Tobhaigh agus dleachtanna eile san earnáil siúcra* | *0* | *825 222* | *825 222* |
| *Dleachtanna custaim* | *23 764 800 000* | *25 857 229 679* | *2 092 429 679* |
| *Acmhainní dílse a fhabhraíonn ó CBL* | *19 714 233 150* | *19 665 680 155* | *48 552 995* |
| *Acmhainní dílse bunaithe ar OIN* | *104 087 927 412* | *103 880 358 779* | *207 568 633* |
| *Ceartú míchothromaíochtaí buiséadacha a deonaíodh don Ríocht Aontaithe* | *0* | *0* | *0* |
| *Olllaghdú ar an ranníocaíocht bhliantúil bunaithe ar OIN a deonaíodh do roinnt Ballstát* | *0* | *18 608 660* | *18 608 660* |
| *Acmhainní dílse bunaithe ar dhramhail ó phacáistíocht phlaisteach neamhathchúrsáilte* | *6 361 164 480* | *6 337 336 836* | *23 827 644* |
| — Teideal 2 Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe | 2 980 058 807 | 3 226 947 517 | 246 888 710 |
| — Teideal 3 Ioncam riaracháin | 1 791 362 923 | 1 961 678 826 | 170 315 903 |
| — Teideal 4 Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha | 454 258 930 | 595 694 687 | 141 435 757 |
| — Teideal 5 Ráthaíochtaí buiséadacha, oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí | 0 | 0 | 0 |
| — Teideal 6 Ioncam, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais | 10 884 368 649 | 10 693 903 549 | 190 465 100 |

4. Is é EUR 2 077 milliún méid na nglanathrúchán comhcheangailte i dTeideal 1 (*Acmhainní Dílse*) agus Teideal 2 (B*arrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe*). Méid dleachtanna custaim níos airde ná a rabhthas ag súil leis a cuireadh ar fáil do bhuiséad an Aontais i míonna deireanacha na bliana, is é sin, den chuid is mó, is cúis leis an difríocht dhearfach sin.

---

[5] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

5. Is ionann na hathrúcháin i dTeideal 3 (*Ioncam riaracháin*) agus EUR 170 milliún. Tá sé sin inchurtha den chuid is mó i leith an ráta nuashonraithe tuarastail atá níos airde ná mar a tuaradh ar dtús, ráta a mhéadaigh go meicniúil leibhéal na cánach agus na dtobhach agus na ranníocaíochtaí pinsin.

6. Is é EUR 141 milliún an méid atá sna hathrúcháin i dTeideal 4 (*Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha*), ina bhfuil fíneálacha iomaíochta agus ús mainneachtana, íocaíochtaí pionósacha eile agus ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha.

7. Léirítear sa tábla thíos miondealú an olltoraidh le haghaidh na bliana 2022 i dtéarmaí chur chun feidhme buiséid an chaiteachais le haghaidh na ninstitiúidí uile:

*(in EUR)*

| Miondealú olltoraidh 2022 | Buiséad (lena náirítear AB15) | Olltoradh | Athrúchán |
|---|---|---|---|
| **Caiteachas foiomlán** | **170 038 174 351** | **169 717 602 516** | **320 571 835** |
| **Leithreasuithe olltoraidh údaraithe sa bhuiséad** | **170 038 174 351** | **169 751 223 270** | **286 951 081** |
| — An Coimisiún Eorpach | 165 553 144 505 | 165 306 008 388 | 247 136 117 |
| *Ceannteideal 1 An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach* | *21 473 535 651* | *20 582 863 422* | *890 672 229* |
| *Ceannteideal 2a An comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach* | *56 350 922 710* | *57 603 004 248* | *1 252 081 538* |
| *Ceannteideal 2b Athléimneacht agus Luachanna* | *5 572 664 118* | *5 527 511 838* | *45 152 280* |
| *Ceannteideal 3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol* | *55 826 766 838* | *55 690 728 927* | *136 037 911* |
| *Ceannteideal 4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha* | *3 254 270 962* | *3 294 971 311* | *40 700 349* |
| *Ceannteideal 5 An tSlándáil agus an Chosaint* | *1 237 861 185* | *1 136 094 874* | *101 766 311* |
| *Ceannteideal 6 An Chomharsanacht agus an Domhan* | *12 916 051 937* | *13 142 823 607* | *226 771 670* |
| *Ceannteideal 7 Riarachán Poiblí Eorpach* | *6 298 233 104* | *6 288 211 250* | *10 021 854* |
| *Ionstraimí speisialta téamacha* | *2 622 838 000* | *2 039 798 910* | *583 039 090* |
| — Institiúidí eile | 4 485 029 846 | 4 445 214 882 | 39 814 964 |
| *Parlaimint na hEorpa* | *2 161 651 286* | *2 151 485 224* | *10 166 062* |
| *Comhairle & an Chomhairle Eorpach* | *611 473 556* | *598 590 564* | *12 882 992* |
| *Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh* | *467 900 000* | *460 549 622* | *7 350 378* |
| *Cúirt Iniúchóirí na hEorpa* | *162 141 175* | *160 328 437* | *1 812 738* |
| *Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa* | *152 451 643* | *146 533 872* | *5 917 771* |
| *Coiste na Réigiún* | *109 976 858* | *109 102 637* | *874 221* |
| *An tOmbudsman Eorpach* | *12 222 108* | *11 851 764* | *370 344* |
| *An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí* | *20 266 000* | *19 907 724* | *358 276* |
| *An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí* | *786 947 220* | *786 865 037* | *82 183* |
| **Cealú leithreasuithe a thugtar anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin** | **0** | **130 188 747** | **130 188 747** |
| — An Coimisiún Eorpach | 0 | 74 996 040 | 74 996 040 |
| *Cealú leithreasuithe nár úsáideadh a thugtar anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin (de réir Airt. 12(7) den Rialachán Airgeadais)* | *0* | *55 500 752* | *55 500 752* |
| *Cealú leithreasuithe nár úsáideadh a thugtar anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin (go huathoibríoch agus trí chinneadh)* | *0* | *19 495 288* | *19 495 288* |
| — Institiúidí eile | 0 | 55 192 707 | 55 192 707 |
| *Parlaimint na hEorpa* | 0 | *15 915 189* | *15 915 189* |
| *Comhairle & an Chomhairle Eorpach* | 0 | *8 369 292* | *8 369 292* |
| *Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh* | 0 | *4 325 816* | *4 325 816* |
| *Cúirt Iniúchóirí na hEorpa* | 0 | *293 225* | *293 225* |
| *Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa* | 0 | *4 655 361* | *4 655 361* |
| *Coiste na Réigiún* | 0 | *2 760 761* | *2 760 761* |
| *An tOmbudsman Eorpach* | 0 | *123 703* | *123 703* |
| *An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí* | 0 | *268 177* | *268 177* |
| *An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí* | 0 | *18 481 184* | *18 481 184* |
| **Athrúcháin sa ráta malartaithe ar chaiteachas** | **0** | **96 567 993** | **96 567 993** |

8. Is é EUR 287 milliún an méid nár chuir na hinstitiúidí uile chun feidhme. Chuir an Coimisiún 99,85 % de na leithreasuithe íocaíochta údaraithe chun feidhme. Bhain tearcchur chun feidhme an Choimisiúin le EUR 247 milliún de leithreasuithe a vótáladh agus le EUR 75 milliún de leithreasuithe a tugadh anonn ó 2021.

9. Tá tearcchur chun feidhme agus cealú leithreasuithe na ninstitiúidí eile íseal i gcomparáid le leibhéil na mblianta roimhe sin.